# Intéirneacht Chaomhantais 2025 (Dhá Mhí Dhéag)

## An Chomhairle Oidhreachta agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Tá áthas ar an gComhairle Oidhreachta agus ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann intéirneacht chaomhantais dhá mhí dhéag a thairiscint, le tosú i mí an Aibreán 2025. Tá an intéirneacht ina léiriú ar an dúthracht a chaitheann an Chomhairle Oidhreachta le dea-chleachtas an chaomhnaithe a chur chun cinn in Éirinn. Beidh an t-intéirneach ag obair le taobh caomhnóirí a bhfuil taithí acu i stiúideo gnóthach caomhantais na Leabharlainne Náisiúnta. Beidh idir chleachtas stiúideo agus taighde i gceist leis an intéirneacht, agus forbrófar agus leathnófar eolas agus taithí an intéirnigh. Oibreoidh sé nó sí ar rogha bailiúcháin éagsúla, lena n-áirítear na bailiúcháin lámhscríbhinní, ábhar clóite agus ábhar amhairc atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus cabhróidh sé nó sí chomh maith le taispeántais agus iasachtaí a ullmhú agus a shuiteáil. Spreagfar an t-intéirneach chun saothar a fhoilsiú agus a chur i láthair do spriocghrúpaí éagsúla.

**Riachtanais:**

- Céim bainte amach le déanaí ó chlár oiliúna aitheanta sa chaomhnú leabhar agus/nó páipéir (2022-2024).
- Tuiscint theoiriciúil agus taithí phraiticiúil ar chóireálacha caomhnaithe (páipéar agus/nó leabhar nó pár)
- Taithí ar bhailiúcháin mhóra a iniúchadh/plé leo
- A bheith in ann obair go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann
- Scileanna cumarsáide den scoth i scríbhinn, ó bhéal agus ar an ríomhaire.

**Stipinnnd (12 mhí):** €37,000 (faoi réir gnáth-asbhaintí reachtúla)

<u>Ba cheart d'iarratasóirí a chinntiú go bhfuil siad incháilithe le bheith ina gcónaí agus ag obair in Éirinn agus an t-iarratas á dhéanamh acu.</u>

Ní bhreithneofar iarratais ó chéimithe in ábhair seachas an caomhnú.

**<u>Cén Chaoi Iarratas a Dhéanamh</u>**

Ní mór an Fhoirm Iarratais ar an Intéirneacht Chaomhnaithe a úsáid le hiarratas a dhéanamh. Ba cheart d'iarratasóirí an fhoirm iarratais chomhlánaithe a chur ar ais tríd an ríomhphost chuig: careers@nli.ie

**Tá sé de fhreagracht ar iarratasóirí dul i dteagmháil leis an Aonad Acmhainní Daonna i gcás nach mbeidh admháil faighte acu 5 lá tar éis dáta deiridh.**

**<u>Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil síneadh curtha leis an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a fháil go dtí Dé hAoine 24 Eanáir 2025</u>**

*Is Fostóir Comhdheiseanna é Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*
*Cuirtear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge*